An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -
*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

## Tuairisc ar Chigireacht Leantach

## Naíscoil Uí Chleirigh
## Dún Geanainn

## Dáta na Cigireachta: Samhain 2009

**CIGIREACHT LEANTACH I NAÍSCOIL UÍ CHLÉIRIGH, DÚN GEANAINN, CO THÍR EOGHAIN BT70 1UG (5AB-0547)**

Sa chigireacht a rinneadh ar Naíscoil Uí Chléirigh, aibhsíodh buanna san éiteas an-dearfach san ionad, eagraíocht éifeachtach an tseisiúin, an dul chun cinn atá déanta ag an fhoireann maidir leis an phleanáil scríofa a fhorbairt agus na hiarrachtaí a dhéantar maidir le rannpháirtíocht tuismitheoirí agus iad a choinneáil ar an eolas. Shainaithin an chigireacht an gá a bhí le feabhsúchán sna croíréimsí seo a leanas:

- a chinntiú gur éifeachtúla idirghníomhuithe na foirne le riachtanais agus réimsí suime na bpáistí a fhorbairt, agus go mbaineann siad feidhm níos iomláine as na féidearthachtaí chun eispéiris na bpáistí a shaibhriú agus a smaointeoireacht agus a bhfoghlaim a shíneadh; agus

- a thuilleadh forbartha a dhéanamh ar na modhanna a úsáidtear le dul chun cinn na bpáistí a mheas agus an t-eolas seo a nascadh leis an phleanáil scríofa.

**Le linn an ama ó rinneadh an chigireacht, cuireadh na bearta seo a leanas, a théann i bhfeidhm ar obair an ionaid, i gcrích :**

- Bunaíodh naisc le Spraoi Spórt, a chuireann clár gníomhaíochta fisiciúla ar fáil do na páistí; sholáthair sé seo deiseanna forbartha gairmiúla don fhoireann;

- cuireadh oiliúint sa bhainistíocht iompraíochta ar an cheannasaí;

- fuair an fhoireann tacaíocht rialta, éifeachtúil ó speisialtóir luath-óige Altram;agus

- tá tosaíochtaí cuí le haghaidh forbartha le linn na bliana seo sainaitheanta ag an fhoireann.

Thug an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (an Chigireacht) dhá chuairt mhonatóireachta agus rinne cigireacht leantach ar 13 Samhain 2009.

Is iad seo a leanas na feabhsúcháin is tábhachtaí ón chéad chigireacht:

- chuir an coiste bainistíochta ráiteas frithbhulaíochta le polasaí chosaint leanaí an ionaid;

- tá intinní foghlama seachtainiúla comhaontaithe ag an fhoireann i leith gach réimse den churaclam réamhscolaíochta; léiríonn an phleanáil scríofa deiseanna cuí forbartha trí na ghníomhaíochtaí súgartha a chuirtear ar fáil;

- tá taispeántas éifeachtúil leabhar i ngach cuid den seomra súgartha le réimsí suime na bpáistí a spreagadh, le scileanna réamhléitheoireachta a fhorbairt agus le sult na léitheoireachta a chur chun cinn;

- tá na páistí ag forbairt a gcruthaitheachta agus a samhlaíochta trí dheiseanna méadaithe ar rólghlacadh agus trí úsáid ábhair dramhealaíne;

- bíonn deiseanna rialta ag na páistí le tabhairt faoi ghníomhaíochtaí cócaireachta agus báicéireachta fuaire a thacaíonn le forbairt a dteanga agus lena luathscileanna matamaitice agus eolaíochta; agus

- is éifeachtúla idirghníomhuithe na foirne maidir le tógáil ar riachtanais agus ar réimsí suime na bpáistí.

I bhformhór na réimsí a ndearnadh cigireacht orthu tá cáilíocht an oideachais a sholáthraíonn an t-ionad seo sásúil i gcónaí; is treise na buanna ná na réimsí le haghaidh feabhsúcháin sa soláthar. Léirigh an t-ionad roinnt fianaise ar fheabhsúchán ach caithfear aghaidh a thabhairt ar na réimsí seo a leanas go fóill má táthar le freastal go héifeachtúil ar riachtanais gach páiste:

- Ba chóir go mbeadh na hidirghníomhuithe foirne ní b'éifeachtúla maidir le smaointeoireacht agus foghlaim na bpáistí a shíneadh; agus

- Ba chóir don fhoireann a thuilleadh forbartha a dhéanamh ar an chur chuige a bhaineann le dul chun cinn na bpáistí a bhreathnú agus a thaifeadadh trasna gach réimse den churaclam réamhscolaíochta agus an t-eolas a nascadh níos éifeachtúla lena bpleanáil ghearrthéarmach.

Déanfaidh an Chigireacht monatóireacht ar dhul chun cinn an ionaid maidir le dul i ngleic leis na réimsí atá le feabhsú go fóill.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2010

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Tá cóipeanna den tuairisc seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cigireachta: www.etini.gov.uk

INFHEISTEOIR
I NDAOINE